C/2025/5731

21.10.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

(C/2025/5731)

Dírítear aird Malick DIAW (uimhir 1), Ismaël WAGUÉ (uimhir 2), Ibrahim Ikassa MAÏGA (uimhir 4) agus Ivan Aleksandrovitch MASLOV (uimhir 6), arb iad na daoine iad a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí.

Tá sé i gceist ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil i gcoinne na ndaoine thuasluaite agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna. Leis seo, cuirtear in iúl do na daoine sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad na ráitis atá beartaithe ar chúiseanna maidir lena n-ainmniú a choimeád, **faoin 30 Deireadh Fómhair 2025**, chuig an seoladh seo:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 251, 29.9.2017, lch. 23.
([2]) IO L 251, 29.9.2017, lch. 1.